

# An Garda Síochána

STRAITÉIS CHÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA 2021-2025

## RÉAMHRÁ



Is cúis áthais dom Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána 2021-2025 a chur i láthair.

Is deis iontach é dul le Cúltaca an Gharda Síochána más duine thú atá ag iarraidh an comhar a íoc leis an bpobal.

Tá an Garda Síochána tiomanta dó go gcoimeádtar daoine slán sábháilte. Aithnímid go bhfuil naisc phobail ríthábhachtacha curtha ar fáil leis an nGarda Cúltaca, i measc tairbhí eile a ghabhann leis, chomh maith leis an gcumas acmhainní breise a bheith ar fáil chun tacú leis an bpóilíneacht. Le Cúltaca an Gharda Síochána, tairgtear an taithí phóilíneachta do raon leathan daoine ó chúlraí agus ó phobail éagsúla. Tríd an éagsúlacht agus lánpháirtíocht a chothú agus a mhéadú san eagraíocht seo againne, cuirtear leis an seachadadh seirbhíse tríd an tallann agus an taithí shaoil atá ag daoine ó chúlraí éagsúla.

Is é an luach a bhronnann Cúltaca an Gharda Síochána ar an nGarda Síochána ná tacaíocht a thabhairt don obair a dhéanaimid chun daoine a choimeád slán sábháilte agus sin é atá beartaithe a baint amach le linn shaolré na straitéise seo, agus ina dhiaidh sin freisin. I rith thréimhse na straitéise seo, deimhneoidh an Garda Síochána go gcomhlíonann na Gardaí Cúltaca a ndualgas mar chomhaltaí a bhfuil meas orthu sa phóilíneacht phobail nó i ngnáthphóilíneacht chun an phóilíneacht réamhghníomhach an-fheiceálach a chuidíonn le daoine a choinneáil slán sábháilte a chur i gcrích.

Tá athbhreithniú inmheánach ar Chúltaca an Gharda Síochána mar bhonn leis an straitéis seo, go páirteach, agus san athbhreithniú sin rinneadh réimsí a shainaithint le forbairt chun deimhin a dhéanamh go bhfuil an struchtúr, an bhainistíocht agus an rialachas comhsheasmhach ar fud na heagraíochta ar fad. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil dualgais na nGardaí Cúltaca sainmhínithe go maith, go gcuirtear oiliúint leordhóthanach orthu agus go dtacaíonn na foirne bainistíochta áitiúla leo ina ról. San athbhreithniú, rinneadh roinnt réimsí a shainaithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun a chinntiú go bhfeidhmíonn Cúltaca an Gharda Síochána mar acmhainn éifeachtach fhiúntach don eagraíocht agus do na pobail a ndéanaimid freastal orthu araon.

Soláthraíonn an straitéis seo treochlár chun na hathruithe riachtanacha a sheachadadh lena chur ar chumas Chúltaca an Gharda Síochána tacú linn seirbhís póilíneachta den chéad scoth a sholáthar, an éagsúlacht a chur chun cinn laistigh dár n-eagraíocht, agus ról fiúntach a dhéanamh de ról Chúltaca an Gharda Síochána d'fhir agus do mhná ónár bpobail a chuireann cuid dá am saor ar leataobh ar bhonn deonach chun cabhrú lenár bpobail a choimeád slán sábháilte.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid tábhachtach a dhéanann ár nGardaí Cúltaca, a chuireann am ar leataobh chun obair bráid ar bhráid i gcuideachta lenár gcomhaltaí agus lenár mbaill foirne lánaimseartha agus a choimeádann pobail slán sábháilte i ngach cearn den tír seo

**J.A. Harris**

**Coimisinéir, An Garda Síochána**


## FORLÉARGAS



Is deis iontach é dul le Cúltaca an Gharda Síochána do dhaoine ó chuile phobal tacú leis an bpóilíneacht agus comhar a íoc leis an bpobal. Tá grúpaí éagsúla sa tsochaí le brath i nGardaí Cúltaca. Soláthraíonn siad seirbhís ardchaighdeáin, ag tacú leis an bpóilíneacht réamhghníomhach agus léiríonn siad an chomhpháirtíocht atá ann idir an Garda Síochána agus an t-iliomad pobal a ndéanaimid freastal orthu.

Post deonach sa Gharda Síochána atá i gceist le Garda Cúltaca. Is é príomhról Garda Cúltaca dualgais phóilíneachta a chomhlíonadh chun tacú leis an bpóilíniú pobail agus leis na haonaid rialta chun ár bpobail a dhéanamh níos sábháilte. Tá Gardaí Cúltaca bainteach leis an bpóilíniú ar mhórimeachtaí, leis an teagmháil leis an bpobal agus le tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do bhaill lánaimseartha an Gharda Síochána. Sa straitéis seo sainaithneofar roinnt príomhréimsí atá riachtanach d'fhorbairt Chúltaca an Gharda Síochána suas go dtí 2025 agus ina dhiaidh.

## CÚLRA




Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn i Meán Fómhair 2018 agus leagtar amach ann na tosca a chuireann athrú chomh maith leis an bhfís don Gharda Síochána amach anseo chun cinn.

Pléadh athchóiriú Chúltaca an Gharda Síochána i Moladh 26:

*'Ba cheart an earcaíocht bhreise sa Chúltaca a chur ar fionraí, go dtí go bhfuil athbhreithniú straitéiseach cuimsitheach críochnaithe, ina bhfuiltear chun scrúdú a dhéanamh ar conas is fearr cúltaca a eagrú chun freastal ar riachtanais na seirbhíse póilíneachta, agus táthar ag súil leis go mbeidh moltaí ann athchóiriú suntasach a chur i gcrích.'*

In Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí le Rialtas na hÉireann, tá plean ceithre bliana leagtha amach do mholtaí Thuarascáil CoFPI a bheith curtha i bhfeidhm. Is mar fhreagairt ar phlean CoFPI atá an straitéis seo forbartha. Beidh Plean Gníomhaíochta ann chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise seo agus chun forbairt Chúltaca an Gharda a chinntiú amach anseo ionas go dtacóidh sé le cuspóirí straitéiseacha agus le misean an Gharda Síochána, 'Daoine a Choinneáil Sábháilte' sa tslí is fearr is féidir.

## ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH

Tá athbhreithniú inmheánach ar Chúltaca an Gharda Síochána a rinneadh in 2019 mar bhonn leis an straitéis seo, go páirteach, agus san athbhreithniú sin rinneadh roinnt réimsí a shainaithint le forbairt agus ina measc an struchtúr, an bhainistíocht agus an rialachas ar Chúltaca an Gharda Síochána.

Chuaigh an fhoireann athbhreithnithe inmheánaigh i gcomhairle le daoine éagsúla, rinne siad taighde grúpa fócais le príomhpháirtithe leasmhara agus thug siad aird ar roinnt tuarascálacha. Tá moltaí an athbhreithnithe seo mar bhonn, go páirteach, le cuspóirí straitéiseacha na straitéise seo.

## RÓL GHARDA CHÚLTACA

Is é ról Garda Chúltaca ná tacú le hobair an Gharda Síochána i soláthar seirbhíse póilíneachta don phobal.

Beidh ról an Gharda Cúltaca aonair ag brath ar an Roinn ar leith a bhfuil sé ceangailte leis agus ar riachtanais na póilíneachta sa Roinne sin.

Tugann Gardaí Cúltaca faoi dhualgais de réir mar atá údaraithe ag Coimisinéir na nGardaí agus ina measc siúd, faoi láthair:

- Patról ard-fheiceálach
- Teagmháil le pobail
- Póilíniú ar imeachtaí
- Tacaíocht a chur ar fáil sa stáisiún

Cinnteoidh an straitéis seo go sannfar na Gardaí Cúltaca don Phóilíniú Pobail nó d'Aonaid Rialta, agus uasmhéadófar éifeachtacht an imlonnaithe dá réir, ag méadú infheictheacht na n-acmhainní póilíneachta sna pobail a ndéanaimid freastal orthu.



## OILIÚINT AGUS FORBAIRT



Cuimsítear i gclár oiliúna Chúltaca an Gharda Síochána siollabas cuimsitheach teagaisc agus oiliúna praiticiúil atá roinnte ina chúig chéim, lena n-áirítear socrúchán i stáisiún agus searmanas cáilithe. Déanann Coláiste an Gharda Síochána athbhreithniú agus modhnú leanúnach ar a chláir oiliúna chun riachtanais an róil a chomhlíonadh.

Cinnteoidh an straitéis seo go gcuirfear oiliúint agus tacaíocht chuí ar Ghardaí Cúltaca chun a ról a chomhlíonadh. Tabharfaidh Gardaí Cúltaca faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar feadh thréimhse a seirbhíse ar aon dul lena gcomhghleacaithe lánaimseartha.

Ina theannta sin, cinnteoimid go leithdháilfear ball lánaimseartha ainmnithe ar na Gardaí Cúltaca a thabharfaidh treoir, comhairle agus tacaíocht dóibh maidir le comhlíonadh a ndualgas oibríochta.

## PATRÓLÚ NEAMHSPLEÁCH

Luaitear sa bheartas reatha go gcaithfidh gach dualgas a chomhlíonann Gardaí Cúltaca a bheith déanta i gcuideachta bhaill lánaimseartha de chuid an Gharda Síochána agus nach féidir le haon Gharda Cúltaca patrólú a dhéanamh go neamhspleách.

Moltar sa straitéis seo gur cheart scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais maidir leis an bpatrólú neamhspleách. Tabharfar faoi athbhreithniú ar na cumhachtaí atá ar fáil do na Gardaí Cúltaca agus ar na dualgais a chomhlíonann siad lena chinntiú go bhfuil siad ullmhaithe go leordhóthanach don phatrólú neamhspleách. Déanfaidh athbhreithniú ar an mbeartas reatha scóipeáil ar fhorbairt struchtúir bheartais agus rialachais náisiúnta chun an patrólú neamhspleách chomh maith le dualgas neamhspleách ag imeachtaí a chumasú.

## CUMHACHTAÍ PÓILÍNEACHTA

Faoi fhorálacha Acht an Gharda Síochána, 2005, is féidir leis an gCoimisinéir, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Póilíneachta, raon na gcumhachtaí atá le feidhmiú agus na dualgais atá le comhlíonadh ag Gardaí Cúltaca a chinneadh. Faoi láthair, d'ordaigh Coimisinéir an Gharda Síochána go bhfeidhmeoidh Gardaí Cúltaca na cumhachtaí seo a leanas:

Cumhachtaí sonraithe faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú,

Cumhachtaí sonraithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, arna leasú,

Cumhachtaí gabhála i leith 'cion inghabhála' de réir mar a bhforáiltear dó in Alt 4(3) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997



Cinnteoidh an Garda Síochána go ndéanfar athbhreithniú ar chumhachtaí Chúltaca an Gharda Síochána chun freastal ar na riachtanais oibríochta. Mar shampla, nuair a cuireadh an straitéis seo i gcrích, bhí cumhachtaí breise ag Gardaí Cúltaca chun cabhrú le póilíniú a dhéanamh ar phaindéim Covid-19.




## I DTREO BALLRAÍOCHT LÁNAIMSEARTHA A BHAINT AMACH

Tugann Cúltaca an Gharda Síochána deis do dhaoine taithí a fháil ar an bpóilíneacht mar shlí bheatha. D'fhéadfadh sé seo roinnt daoine a spreagadh chun dul le gairm lánaimseartha mar bhall den Gharda Síochána.

Deimhníodh san athbhreithniú inmheánach, cé go bhfuil teacht ag Gardaí Cúltaca ar shruth ar leith le linn feachtais earcaíochta, go bhfuil na tairbhí don duine aonair agus don eagraíocht teoranta fós féin. Faoi láthair na huaire, ní thugtar aon aitheantas go hoifigiúil maidir le cumas an Gharda Chúltaca ná ar an méid ama a chaitear ag fónamh agus ag déanamh iarratais le bheith ina Oiliúnaí Gharda. Níl aon phróiseas ann do mhaoirseoirí áitiúla nó don lucht bainistíochta oiriúnacht an Gharda Cúltaca a mheas sa phróiseas iarratais.

Sa straitéis seo, moltar scrúdú a dhéanamh ar an deis an sruth earcaíochta a fhorbairt do Ghardaí Cúltaca ina gcuirfí an taithí sheirbhíse atá acu san áireamh.

## RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ STRAITÉISEACHA

### URRAITHEOIR CHÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Is é an Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal (RP&CE) urraitheoir Chúltaca an Gharda Síochána agus beidh freagracht straitéiseach air as an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Beidh an Coimisinéir Cúnta ina chathaoirleach ar Choiste Maoirseachta Náisiúnta Chúltaca an Gharda Síochána freisin.

### CUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE I LEITH CHÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Beidh Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal freagrach as cur i bhfeidhm oibríochtúil na Straitéise seo. Beidh Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal freagrach as cinnte a dhéanamh go mbainfear na cuspóirí amach laistigh de shaolré na straitéise seo.

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Clúdaíonn an Straitéis seo an tréimhse cúig bliana ó 2021 go 2025. Tá an straitéis bunaithe ar ghealltanais do shé phríomhchuspóir, mar seo a leanas:

### Cuspóir Straitéiseach 1

**Gardaí Cúltaca a earcú**

Déanfaimid Gardaí Cúltaca a earcú ar bhonn deonach ar feadh thréimhse thosaigh cúig bliana leis an rogha an tréimhse sin a athnuachan ar feadh tréimhsí breise cúig bliana, faoi réir athbhreithnithe ag an lucht bainistíochta áitiúil. Cuirfimid deireadh le constaicí a mheastar a bheith ann agus cuirfimid an earcaíocht chuimsitheach chun cinn.

### Cuspóir Straitéiseach 2

**Oiliúint agus Forbairt**

Táimid tiomanta oiliúint agus fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil do Ghardaí Cúltaca a oireann dá ról agus dá bhfeidhm.

### Cuspóir Straitéiseach 3

**Ról agus Imlonnú Gardaí Cúltaca**

Cinnteoimid go n-úsáidtear Cúltaca an Gharda Síochána chun freagrúlacht an Gharda Síochána a fheabhsú maidir lena fheidhm phóilíneachta pobail.

### Cuspóir Straitéiseach 4

**Maoirseacht agus Rialachas**

Táimid tiomanta do rialachas éifeachtach, maoirseacht agus cur chuige náisiúnta comhsheasmhach a chinntiú maidir le bainistíocht Chúltaca na nGardaí.

### Cuspóir Straitéiseach 5

**Luach ár bPearsanra a Aithint**

Déanfar ról an Gharda Cúltaca ar fud na heagraíochta a aithint agus a chur chun cinn.

### Cuspóir Straitéiseach 6

**Measúnú**

Déanfaimid coimisiúnú ar mheastóireacht neamhspleách ar Chúltaca an Gharda Síochána in 2025.

Seachadfar na cuspóirí straitéiseacha inár bplean gníomhaíochta agus déanfar cinnte de dá réir go seachadfaidh an Garda Síochána seirbhís póilíneachta don phobal a ndéanaimid freastal air, go gcuirfear an éagsúlacht chun cinn laistigh dár n-eagraíocht, agus gurbh fhiú don Gharda Cúltaca é tiomantas a thabhairt dá ról mar oibrí deonach a chuireann cuid dá am saor ar leataobh chun pobail a choimeád slán sábháilte.

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1 - GARDAÍ CÚLTACA A EARCÚ

### AN COMHTHÉACS

Déanfaimid Gardaí Cúltaca a earcú ar bhonn deonach ar feadh tréimhse thosaigh cúig bliana leis an rogha an tréimhse sin a athnuachan ar feadh tréimhsí breise cúig bliana, faoi réir athbhreithnithe ag an lucht bainistíochta áitiúil. Cuirfimid deireadh le constaicí a mheastar a bheith ann agus cuirfimid an earcaíocht chuimsitheach chun cinn.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Gealltanas | Toradh | An Roinn a Rinne | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Cur chuige uilechuimsitheach a chinntiú maidir le hearcú Gardaí Cúltaca | Cur chuige uilechuimsitheach maidir le hearcú Gardaí Cúltaca trí fáil réidh le bacainní a mheastar a bheith ann maidir leis an earcaíocht | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | R 3 2022 |
| 1.2 | A chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr ann ar róil agus ar fhreagrachtaí Chúltaca an Gharda Síochána chun iarratais a mhealladh ó gach pobal | Litríocht earcaíochta chun an tiomantas a theastaíonn ó Gharda Cúltaca agus na dualgais a chomhlíonfaidh siad sa Gharda Síochána a leagan amach go soiléir | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | R4 2021 |
| 1.3 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais incháilitheachta do Chúltaca an Gharda Síochána | Leasú ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 413 de 2006 a bhreith | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | R4 2022 |
| 1.4 | Earcaíocht chuig Cúltaca an Gharda Síochána le tarlú ar aon dul le plean um fhórsa saothair an Gharda Síochána | Feachtais earcaíochta le seoladh de réir na hearcaíochta eagraíochta | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | Saolré na Straitéise |
| 1.5 | Scrúdú a dhéanamh ar indéantacht feachtais earcaíochta spriocdhírithe bunaithe ar fholúntais i gCúltaca an Gharda Síochána | Beartas earcaíochta nuashonraithe le bheith forbartha | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | Saolré na Straitéise |
| 1.6 | An bhealach isteach sa Gharda Síochána do Ghardaí Cúltaca ar mian leo dul isteach ann go lánaimseartha a fhorbairt | Forbrófar an bealach do Ghardaí Cúltaca tuilleadh ionas go gcuirfear a seirbhís san áireamh le linn an phróisis earcaíochta | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | R4 2022 |
| 1.7 | Faoin mbeartas earcaíochta atá ann faoi láthair, treochlár a fhorbairt chun Gardaí Cúltaca a earcú ó ghrúpaí éagsúla agus ó ghrúpaí tearcionadaithe | Méadú ar líon na nGardaí Cúltaca ó ghrúpaí éagsúla agus tearcionadaithe | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | Saolré na Straitéise |
| 1.8 | Faoin mbeartas earcaíochta atá ann faoi láthair, treochlár a fhorbairt chun Gardaí Cúltaca a earcú ó mhuintir na Gaeltachta | Méadú ar líon na nGardaí Cúltaca ó phobal na Gaeltachta | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | Saolré na Straitéise |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2 – OILIÚINT AGUS FORBAIRT

### An Comhthéacs

Táimid tiomanta d'oiliúint agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil do Ghardaí Cúltaca a oireann dá ról agus dá bhfeidhm.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Gealltanas | Toradh | An Roinn a Rinne | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Oiliúint bhunúsach a sholáthar d'earcaigh i gCúltaca an Gharda Síochána | Leanfar le hoiliúint a sholáthar do Ghardaí Cúltaca atá fós faoi oiliúint | Stiúrthóir Oiliúna, Coláiste an Gharda Síochána | Saolré na straitéise |
| 2.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár oiliúna tosaigh reatha de réir fhorbairt ról an Chúltaca Garda | An Clár Oiliúna um Chúltaca an Gharda Síochána reatha, is é sin an chéad cheann de, le bheith athbhreithnithe | Stiúrthóir Oiliúna, Coláiste an Gharda Síochána | R4 2022 |
| 2.3 | A chinntiú go bhfreastalaíonn gach Garda Cúltaca ar cheardlann um an gCód Eitice agus go síníonn siad an Dearbhú um Chód Eitice nuair atá sé críochnaithe | Gheobhaidh Gardaí Cúltaca oiliúint i gCód Eitice an Gharda Síochána agus síneoidh siad an Dearbhú um Chód Eitice | Biúró Cultúir agus Eitice an Gharda Síochána<br><br>Stiúrthóir Oiliúna, Coláiste an Gharda Síochána | R3 2021 |
| 2.4 | An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil do na Gardaí Cúltaca | Gheobhaidh Gardaí Cúltaca Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar aon dul leis na baill lánaimseartha | Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhach, Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine<br><br>Stiúrthóir Oiliúna, Coláiste an Gharda Síochána | R1 2023 |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3 – RÓL AGUS IMLONNÚ GARDAÍ CÚLTACA

### AN COMHTHÉACS

Cinnteoimid go n-úsáidtear Cúltaca an Gharda Síochána chun freagrúlacht an Gharda Síochána a fheabhsú maidir lena fheidhm phóilíneachta pobail.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Gealltanas | Toradh | An Roinn a Rinne | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Ról na nGardaí Cúltaca a dhaingniú laistigh den Gharda Síochána | Sannfar Gardaí Cúltaca d'aonaid shonracha póilíneachta pobail, rialta nó imeachtaí agus beidh pointe teagmhála ainmnithe acu laistigh de na haonaid sin | Ard-Cheannfort na Roinne | Fós ar siúl |
| 3.2 | Líon íosta uaireanta oibre Gardaí Cúltaca | Aontófar sealanna dualgais roimh ré agus taifeadfar na huaireanta a oibrítear, le tiomantas íosta 60 uair in aghaidh na bliana, comhaontaithe leis an mbainistíocht áitiúil | Ard-Cheannfort na Roinne | R1 2022 |
| 3.3 | Éifeachtacht Chúltaca an Gharda a chinntiú | Caithfidh Gardaí Cúltaca 100 uair an chloig de dhualgas a chomhlíonadh gach bliain chun cáiliú do Liúntas Bliantúil Chúltaca an Gharda Síochána | Ard-Cheannfort na Roinne | R1 2022 |
| 3.4 | Scrúdófar struchtúr tacaíochta oibríochta do Chúltaca an Gharda Síochána | Tabharfar tacaíocht agus cúnamh don Gharda Cúltaca chun a ról a chomhlíonadh | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannphháirtíocht sa Phobal | R1 2023 |
| 3.5 | Róil agus freagrachtaí Chúltaca an Gharda Síochána a nuashonrú | Forbrófar doiciméad nuashonraithe Polasaí agus Nós Imeachta | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannphháirtíocht sa Phobal | R3 2021 |
| 3.6 | Scrúdú le déanamh ar phatrólú neamhspleách i dtaobh Chúltaca an Gharda Síochána | Tabharfar faoi chleachtadh scóipe chun an t-athbhreithniú ar an mbeartas a threorú | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannphháirtíocht sa Phobal | R1 2022 |
| 3.7 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chumhachtaí Chúltaca an Gharda Síochána lena chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais oibríochta | Le bheith tugtha chun críche | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannphháirtíocht sa Phobal | R2 2022 |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4 – MAOIRSEACHT AGUS RIALACHAS

### AN COMHTHÉACS

Táimid tiomanta do rialachas éifeachtach, maoirseacht agus cur chuige náisiúnta comhsheasmhach a chinntiú maidir le bainistíocht Chúltaca na nGardaí.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Gealltanas | Toradh | An Roinn a Rinne | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | An cumas eagrúcháin chun Cúltaca an Gharda Síochána a bhainistiú a threisiú | Coiste Maoirseachta Chúltaca an Gharda Síochána le bunú | Coimisinéir Cúnta Póilíneacht ar Bhóithre & Rannpháirtíocht sa Phobal | Curtha i mbun cheana féin |
| | | Róil agus freagrachtaí na ngeallsealbhóirí inmheánacha go léir a shoiléiriú agus doiciméid bheartais agus nós imeachta a nuashonrú | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | R4 2021 |
| | | Maoirseacht náisiúnta ar dhualgais agus uaireanta a dhéanann na Gardaí Cúltaca lena chinntiú go n-oibríonn siad an t-íoslíon uaireanta riachtanach | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | Fós ar siúl |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5 – LUACH ÁR BPEARSANRA A AITHINT

### AN COMHTHÉACS

Déanfar ról an Gharda Cúltaca ar fud na heagraíochta a aithint agus a chur chun cinn.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Gealltanas | Toradh | An Roinn a Rinne | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 5.1 | An fheasacht san eagraíocht i gcoitinne ar Chúltaca an Gharda Síochána a mhéadú | Straitéis cumarsáide inmheánaí le forbairt<br>Pacáiste faisnéisithe a fhorbairt do Mhaoirseoirí Garda | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | R1 2022 |
| 5.2 | An méid a dhéanann na Gardaí Cúltaca ar bhonn deonach a aithint agus a admháil | Mar chuid d'fhorbairt clár aitheantais ar fud na heagraíochta, beidh rannchuidiú na nGardaí Cúltaca san áireamh ann | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | R1 2023 |
| 5.3 | Plean tacaíochta do Ghardaí Cúltaca a scrúdú | Beidh rochtain ag Gardaí Cúltaca ar na seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn an eagraíocht do gach pearsanra eile | Acmhainní Daonna & Forbairt Pearsanra | Go leanúnach |
| 5.4 | Rannpháirtíocht na bhfostaithe a chur chun cinn | Fóram Rannpháirtíochta Réigiúnach a fhorbairt idir Cúltaca an Gharda Síochána agus Aonad Tacaíochta Náisiúnta Chúltaca an Gharda Síochána | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | R3 2021 |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6 – MEASÚNÚ

### AN COMHTHÉACS

Déanfaimid coimisiúnú ar mheastóireacht neamhspleách ar Chúltaca an Gharda Síochána i 2025.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Gealltanas | Toradh | An Úinéireacht | Am Líne |
|---|---|---|---|---|
| 6.1 | Meastóireacht neamhspleách a choimisiúnú | Déanfar meastóireacht neamhspleách a choimisiúnú chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal | R1 2025 |